# Siopa an Spailpín ar an Spidéal

Eochairfhocail: earraí, úinéir, margadh, gnó, ealaíontóir grafach

Príomhscileanna: Éisteacht, scríobh, léitheoireacht

**Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:**

1. Cad iad na rudaí is féidir a fháil sa siopa An Spailpín Fánach?
2. Cathain a cuireadh tús leis an ngnó seo?
3. Cén cinneadh atá tógtha ag Gearóid Ó Murchú le déanaí?
4. Céard iad na hearraí is mó díol i siopa Ghearóid?
5. Cén gléas teicneolaíochta a d'athraigh cúrsaí gnó do Ghearóid?
6. Cén cur síos a thugann Gearóid ar an saghas margaidh a bhfuil sé ag plé leis?
7. Cad as do dhuine d'úinéirí nua an Spailpín?
8. Cén cháilíocht atá ag Peadar a bheidh ina cabhair sa ghnó?
9. Conas a thugann Gearóid le fios dúinn go bhfuil sé dóchasach faoi thodhchaí an ghnó?

Ar mhaith leat a bheith i d'úinéir siopa? Cen fáth?




Foghlaim TG4

Gníomhaíocht Smaointeoireachta

**Meaitseáil tús agus deireadh na habairte**

| | |
|---|---|
| Tá an Spailpín Fánach lonnaithe ar an | leis an gcultúr Gaelach a dhíoltar sa siopa. |
| Bunaíodh an siopa | na hearraí ar fad a dhíoltar sa siopa. |
| Earraí a bhaineann leis an nGaeilge agus | a dhíol. |
| Tá ardchaighdeán ag baint leis | de na húinéirí nua. |
| Bhí Gearóid Ó Murchú tiomanta riamh anall | Spidéal i gcontae na Gaillimhe. |
| Ba ina theach féin a chuir Gearóid | na húinéirí nua cearta. |
| Tá sé socraithe anois ag Gearóid an gnó | tús lena ghnó an chéad lá riamh. |
| Tá Gearóid cinnte de anois go bhfuil an gnó díolta aige leis | saol an ghnó ó bhonn do Ghearóid |
| Bhí an-tóir le fada an lá leis na t-léinte | sé bliana is daichead ó shin. |
| D'athraigh teacht an idirlín | thodhchaí an tsiopa. |
| Ba chara le mac Ghearóid duine | an Ghaeilge a chur chun cinn. |
| Tá Gearóid dóchasach faoi | a raibh 'ní bheidh mo leithéid arís ann' scríofa orthu. |

Gníomhaíocht scríbhneoireachta



**Is tusa Gearóid Ó Murchú. Tá an lá oibre deireanach díreach críochnaithe agat sa siopa. Scríobh iontráil dialainne don lá sin. Is leor 150 focal sa chur síos. Cabhróidh an foclóir seo a leanas leat.**

- A dhialann dhíl,
- tá an lá tagtha
- faoi dheireadh
- táim spíonta
- níor chreid mé go dtiocfadh an lá seo
- riamh
- tá meascán de mhothúcháin orm
- táim réidh le himeacht
- táim ag dul in aois
- nílim buartha faoin todhchaí
- ghlac mé cinneadh
- is gearr go mbeidh mé ag dul ar saoire
- áiféala
- ar mo shuaimhneas
- ligfidh mé mo scíth anois

Freagraí

1. Rudaí a bhaineann leis an teanga agus leis an gcultúr Gaelach
2. Cathain a cuireadh tús leis an ngnó seo? 46 bliain ó shin
3. An gnó a dhíol le húinéirí eile
4. T-léinte ní bheidh mo leithéid arís ann
5. An ríomhaire agus an t-idirlíon
6. Mionmhargadh
7. Indreabhán
8. Ealaíontóir grafach
9. Má tá aon duine le forbairt a dhéanamh ar an ngnó seo, is iad siúd a bheidh ann



Foghlaim TG4